Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2030(DEC)

13.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na ngníomhaireachtaí díláraithe don bhliain airgeadais 2023:
(2024/2030(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2023

1. ag tabhairt dá haire go gcuirtear béim ar ábhar do na cuntais bhliantúla arna n-eisiúint ag an gCúirt Iniúchóirí (an ‘Chúirt’); ag aithint fhreagairt Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), go háirithe ráta ard na n-íocaíochtaí a bhí déanach mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla maidir leis na hidirbhearta a phróiseáil agus SUMMA á úsáid, córas nua buiséadach, cuntasaíochta agus airgeadais atá fós i gcéim phíolótach; á iarraidh ar Eurojust bearta sonracha a dhéanamh chun moilleanna íocaíochta a íoslaghdú agus chun cur chun feidhme iomlán an chórais a áirithiú;

2. á chur in iúl gur geal léi an méadú ar bhuiséad Eurojust in 2023 ó EUR 67 milliún go EUR 88 milliún (+ 31 %) agus an méadú ar a bhfoireann ó 285 go 298 (+ 5 %); á chur in iúl go bhfuil méadú 14 % ar an gcásobair a dhéanann Eurojust, agus níos mó ná 13 000 cás á láimhseáil ag Eurojust, a d’eagraigh 577 gCruinniú Comhordúcháin agus 21 Lárionad Comhordúcháin freisin, a sholáthair tacaíocht dhlíthiúil, theicniúil, airgeadais agus/nó oibríochtúil do 288 bhFoireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú, a d’éascaigh forghníomhú 1 259 mBarántas Gabhála Eorpacha, a chuidigh le níos mó ná 4 200 duine a bhí faoi dhrochamhras a ghabháil agus le sócmhainní coiriúla arbh fhiú os cionn EUR 1 bhilliún iad a urghabháil agus/nó a chalcadh, a dhréachtaigh 1 013 tháirge insoláthartha oibríochtúla chun tacú le cásanna (anailísí, nótaí dlíthiúla etc.) agus a d’éascaigh úsáid 6 299 Ordú Imscrúdaithe Eorpacha; ag aithint fhreagra Eurojust inar cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil athbhreithniú déanta ag an ngníomhaireacht ar an nós imeachta chun teagmhais neamhchomhlíontachta a chlárú agus a thuairisciú;

3. ag moladh iarrachtaí Eurojust chun an cheartas a dhigitiú, eadhon Córas Bainistithe Cásanna nua a chur chun feidhme tar éis an leasaithe is déanaí ar Rialachán Eurojust[1], cur chun feidhme Ardán Comhoibrithe nua na JITanna[2]; ag cur suntas i ról Eurojust mar phointe teagmhála do thríú tíortha agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le hiarrataí ECRIS-TCN i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla;

4. ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá an tacaíocht leanúnach a thugann Eurojust don Úcráin, tríd an JIT lena ndéantar imscrúdú ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin, tríd an mBunachar Sonraí Fianaise i leith na gCoireanna Idirnáisiúnta is

[1] Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (IO L, 2023/2131, 11.10.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/2131/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2023%3A2131%3Aoj&locale=ga).

[2] Rialachán (AE) 2023/969 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 2023/969, 17.5.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/969/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2023%3A969%3Aoj&locale=ga).

Tromchúis (CICED) a oibriú chun fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a chaomhnú, a stóráil agus a anailísiú i mbunachar sonraí lárnach aonair, slán, trí mhodh sábháilte tarchuir sonraí digiteacha a áirithiú chun fianaise a chur isteach, agus chun anailís a dhéanamh uirthi; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur seoladh an Lárionad Idirnáisiúnta nua um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA) ag Eurojust agus é mar aidhm leis tacú le himscrúduithe náisiúnta agus teacht ar chomhaontú maidir le comhstraitéisí imscrúdaitheacha agus ionchúisimh, agus trí rannchuidiú go gníomhach le hobair an tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' chun a áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí AE chun feidhme go héifeachtach ar fud an Aontais Eorpaigh;

5. ag cur suntas, agus é ina dhíol sásaimh di, sa chomhar láidir leis na Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile, go háirithe tabhairt i gcrích socraithe oibre nua leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), oscailt 15 chás nua inar thacaigh Eurojust le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chomh maith leis an gcomhar maidir le 42 chás le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) ag cur i bhfáth gur sheol Eurojust agus Europol treoirthionscadal chun sonraí a mhalartú go córasach agus go struchtúrach chun naisc a bhrath, a ndéanfar athbhreithniú air sa chéad leath den bhliain 2024; á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta Eurojust-OLAF 2022-2023 chun coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chomhrac;

6. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go leanann Eurojust de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcaibidlíocht faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le comhar le Eurojust, idir an tAontas agus 13 thríú tír, a ndéanann an Coimisiún caibidlíocht ina leith thar ceann an Aontais.

Cuid II – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2023

1. Ag cur suntas sa bharúil ón gCúirt faoi rátaí arda tabhairt anonn a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla, a tharlaíonn arís agus arís eile agus arb ionann a méid agus EUR 6,4 milliún (23 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2023 a bhí ar fáil a thabhairt anonn go 2024; ag tabhairt dá haire gur ráta níos ísle é ná a bhí ann in 2022, nuair ba 26 % na rátaí i dtaobh tabhairt anonn; á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt go bhfuil na hidirbhearta is bun le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) don bhliain airgeadais 2023 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha; á thabhairt chun suntais gur EUR 34 mhilliún a bhí sa bhuiséad do 2023; á thabhairt dá haire agus á athdhearbhú gur cúis bhuartha di go bhfuil FRA fós thíos leis mar gheall ar na srianta atá lena hacmhainní airgeadais agus daonna; á chur in iúl gur geal léi go raibh FRA in ann a cuspóirí a chomhlíonadh agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear ina Clár Oibre Bliantúil a bhaint amach in ainneoin ghanntanas leanúnach na n-acmhainní daonna agus airgeadais; ag tabhairt dá haire gur 421 líon na gcruinnithe agus na n-imeachtaí a eagraíodh nó a comheagraíodh i gcomparáid leis an sprioc 260 a leagadh síos, agus gur 1809 líon na n-ábhar cumarsáide i gcomparáid leis an sprioc 250 a leagadh síos; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil leibhéal an-ard olltoraidh ag FRA, leibhéal atá os cionn 99 %; á mheas gur táscaire tábhachtach é ar bhainistíocht fhónta airgeadais agus ar urramú na bprionsabal buiséadach; á chur in iúl gur geal léi an comhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais; comhlachtaí agus an tsochaí shibhialta chun a áirithiú go gcomhlíonfar cearta bunúsacha;

2. ag cur béim ar ról FRA mar phríomhchaomhnóir na gceart bunúsach agus an smachta reachta, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus ag moladh a tacaíochta chun a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh i ndlíthe agus i mbeartais AE atá ann cheana i réimse an chomhionannais agus an fhrith-idirdhealaithe, amhail dlí agus beartais AE lena ndéantar ciníochas agus frithsheimíteachas agus ioslamafóibe a chomhrac, ag tacú le bailiú sonraí comhionannais agus le cur chun feidhme straitéisí comhionannais agus frithchiníochais amhail creataí straitéiseacha náisiúnta na Romach, agus ag soláthar ionchuir don athbhreithniú meántéarma ar straitéis comhionannais LADTIA 2020-2025, do chosaint na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine atá i mbaol, chomh maith le tacú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an treoir maidir le cearta íospartach, ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Frithchiníochas agus ar Straitéis AE maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh na gceart bunúsach i ndáil le córais IS a fhorbairt agus a úsáid agus cistí AE a chur chun feidhme agus a úsáid;

3. ag tarraingt aird ar threoir agus rannpháirtíocht FRA i réimse an tearmainn agus na himirce, na dteorainneacha agus na hidir-inoibritheachta agus ar an mbéim thábhachtach a leagann sé ar chearta bunúsacha, ar oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát agus ar dhlí an Aontais um chearta an duine sa réimse sin, lena n-áirítear comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) chun feabhas a chur ar an tuiscint ar thábhacht na gcaomhnóirí agus na n-ionadaithe dlíthiúla a thugann cúnamh do leanaí neamhthionlactha atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas agus ar an oiliúint a chuirtear ar fáil d'fhoireann Europol chun feasacht agus tuiscint ar ghnéithe ceart bunúsach i gcomhthéacsanna oibríochtúla ábhartha a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi ionchur tráthúil FRA maidir le cur chun feidhme na treorach um chosaint shealadach i gcomhthéacs dídeanaithe atá ag teitheadh ón Úcráin, chomh maith leis an ionchur uaidh maidir leis na dúshláin a shainaithint i ndáil le cur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil le cónaí fadtéarmach, chomh maith le heasnaimh sa chód maidir le víosaí a shainaithint agus liosta na ngníomhaíochtaí is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a dhéanamh chun básanna ar muir a laghdú;

4. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú FRA leis an meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ('Rialachán EBCG'),[3] rannpháirtíocht i gcruinnithe Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um an gCósta Teorann (Frontex) agus comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Fhóram Comhchomhairleach Frontex maidir le Cearta Bunúsacha, agus comhar le hOifig um Chearta Bunúsacha Frontex;

5. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir FRA anailís agus saineolas ar chearta bunúsacha ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí agus obair ghníomhaireachtaí eile ceartais agus gnóthaí baile (CGB) an Aontais lena n-áirítear EUAA, Frontex, Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL); á chur in iúl gur geal léi ranníocaíochtaí FRA in 2023 chun urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trí threoir maidir le cistí AE agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le

[3] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L, 2019/1896, 14.11.2019, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2019%3A1896%3Aoj&locale=ga#).

teicneolaíochtaí nua; á iarraidh ar FRA a chinneadh a mhéid atá dlúthnasc idir an smacht reachta agus cearta bunúsacha, agus conas a d'fhéadfaí a chuid oibre a ionchorprú nó a fhorbairt i sineirge le hobair an Choimisiúin Eorpaigh faoi chuimsiú na Tuarascála bliantúla ar an Smacht Reachta;

6. á chur in iúl gur geal léi comhar FRA le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir le cosaint príobháideachais agus cosaint sonraí le linn tionscnaimh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus le eu-LISA maidir lena ráthú go gcloíonn dearadh agus úsáid córas TF le caighdeáin um chearta bunúsacha.

Cuid III –Uurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2023

1. ag tabhairt dá haire gur cuireadh isteach breis agus 1,1 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in 2023 (+18 % i gcomparáid le 2022), agus gur eisíodh níos mó ná 1 mhilliún cinneadh lenar deonaíodh cosaint shealadach i 29 dtír AE+; ag cur suntas sa tacaíocht shuntasach a thug EUAA do na Ballstáit sa chomhthéacs sin;[4] á iarraidh go dtabharfaí leibhéil iomchuí chistiúcháin do EEAA, go háirithe má thagann méadú suntasach ar na cúraimí a chuirtear ar an ngníomhaireacht i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann;

2. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar bhuiséad EUAA in 2023 ó EUR 208 milliún go EUR 228 milliún (+ +10 %) agus ar a fhoireann ó 519 go 529 (+ 2 %); á chur i bhfios gur chinn an Chúirt i dtuarascálacha 2017 agus 2020 uaithi go raibh conarthaí EUAA maidir le háitreabh a fháil ar cíos ar Lesbos agus sa Róimh neamhrialta mar gheall ar iomaíocht neamhleor agus mainneachtain prionsabal an gheilleagair a chomhlíonadh, rud a chiallaíonn go raibh na híocaíochtaí uile ina dhiaidh sin faoi na conarthaí sin neamhrialta; ag meabhrú bharúil na n-iniúchóirí, faoi 2023, go ndearnadh íocaíochtaí neamhrialta den sórt sin arbh ionann iad agus EUR 123 800;

3. á chur in iúl gur geal léi go ndeachaidh an Díorma Cúltaca um Thearmann i mbun oibríochta agus, faoi dheireadh 2023, go raibh beagnach 350 saineolaí páirteach ann; á chur in iúl gur oth léi, mar gheall ar mhoilleanna ar a saineolaithe faoi seach a bheith ainmnithe ag roinnt Ballstát, nach raibh an líon a bhí beartaithe, 500, bainte amach go fóill; á iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le saineolaithe náisiúnta a chomhlíonadh ionas nach gá gníomhaireacht brath ar chonraitheoirí seachtracha;

4. á chur in iúl gur geal léi gur chuaigh an chéad oifigeach um chearta bunúsacha (FRO) de chuid EUAA i mbun oifige an 16 Bealtaine 2023; á chur in iúl gur mór aici bunú an tsásra gearán atá infheicthe agus inrochtana go héasca arna fhorbairt ag an Oifigeach um Chearta Bunúsacha i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis an bhFóram Comhchomhairleach;

5. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh straitéis athbhreithnithe EUAA maidir le comhar seachtrach[5] agus straitéis maidir le leochaileacht;[6] á chur i bhfios go láidir gur cheart go bhfeidhmeodh an dá cheann mar ráthaíocht chun cearta bunúsacha a chosaint i gcórais

[4] I measc thíortha AE+ tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) chomh maith le tíortha comhlachaithe Schengen.
[5] https://euaa.europa.eu/sites/default/files/publications/2023-05/EUAA_External_Cooperation_Strategy.pdf
[6] https://euaa.europa.eu/sites/default/files/publications/2023-12/EUAA_Vulnerability_Strategy.pdf

tearmainn agus ghlactha thíortha AE+;

6. á chur in iúl gur mór aici iarrachtaí EUAA bogadh i dtreo na digiteála, lena n-áirítear tríd an straitéis a ghlacadh maidir le nuálaíocht dhigiteach i nósanna imeachta tearmainn agus i gcórais ghlactha[7];

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur eagraigh EUAA 1 000 seisiún oiliúna, agus go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar líon na n-oifigeach tearmainn agus glactha agus ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta ar cuireadh oiliúint orthu (+6 % i gcomparáid le 2022); á chur in iúl gur geal léi an fhorbairt bhreise ar an gcuraclam Eorpach tearmainn, le modúil oiliúna amhail na modúil sin lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar leochaileacht agus ar staid na leanaí sa phróiseas tearmainn;

8. ag athdhearbhú a hiarrata a rinne sí an bhliain seo caite gur cheart do EUAA an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas is déanaí go rialta maidir le himscrúduithe uile OLAF.

Cuid IV – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais don bhliain airgeadais 2023

1. á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, in 2023, a bhí méid EUR 12.6 milliún, arbh ionann é agus 3.2 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iomlána a bhí ar fáil, ina chaiteachas neamhchomhlíontach a sháraigh an tairseach ábharthachta a leagadh síos don iniúchadh agus, mar thoradh air sin, gur thug an Chúirt tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí; á iarraidh ar eu-LISA plean mionsonraithe gníomhaíochta ceartaithí a ullmhú lena n-áirítear tráthchlár agus cuntasacht chun deireadh a chur le caiteachas neamhchomhlíontach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an Chúirt Iniúchóirí a choinneáil ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta ceartaithí;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go leagtar béim ar ábhar do na cuntais bhliantúla arna n-eisiúint ag an gCúirt mar gheall ar dhá chreatchonradh ghníomhacha; á chur in iúl gur chúis bhuartha di go bhfuil roinnt barúlacha ón gCúirt ó bhlianta roimhe seo fós ar siúl; á iarraidh ar eu-LISA déanamh de réir na mbarúlacha ón gCúirt agus dlús a chur leis na hiarrachtaí ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme sna cásanna neamhchomhlíonta uile atá fós ann agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn arna dhéanamh;

3. ag cur suntas in iarrachtaí eu-LISA na cuspóirí a leagtar síos do 2023 i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair 2023-2025 a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur cuireadh Córas Faisnéise Schengen (SIS) athnuaite chun feidhme go hiomlán i mí an Mhárta agus gur comhtháthaíodh an Chipir go rianúil le SIS i mí Iúil 2023 agus gur comhtháthaíodh an Chróit sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS);

4. ag cur sonrú sa treochlár nua Idir-inoibritheachta; á chur in iúl gur oth léi go raibh gá leis an amlíne nua le haghaidh leathadh amach agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise AE mar gheall ar mhoilleanna ar fhorbairt an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais

[7] https://euaa.europa.eu/sites/default/files/publications/2023-10/2023_EUAA-Strategy-on-Digital-Innovation-in-Asylum-Procedures-and-Reception-Systems_EN.pdf

Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla maidir le náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN); á iarraidh ar eu-LISA tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme tapa na gcóras faisnéise sin agus dáta tosaigh oibríochtúil sonrach nua a leagan síos; á chur i bhfios go láidir go bhfuil malartú faisnéise tapa, éifeachtach agus iontaofa ríthábhachtach chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais a chothú agus a neartú;

5. á chur in iúl gur geal léi gur dhírigh eu-LISA freisin ar an gcibearshlándáil agus ar bhagairtí sa chibear-réimse a chomhrac, go háirithe na hullmhúcháin is gá a dhéanamh d'oibleagáidí a eascraíonn as rialacháin nua an Aontais maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil; á thabhairt chun suntais go n-oibríonn agus go gcoinníonn eu-LISA ardán faireacháin slándála, plean teagmhas cibearshlándála, leabhair bheartaíochta freagartha, agus socruithe le haghaidh dualgas fuireachais 24/7 chun a áirithiú go ndéanfar cibearbhagairtí a shainaithint go tráthúil agus go dtabharfar freagairt orthu go tráthúil; á chur in iúl gur geal léi ról eu-LISA maidir le tacú le cleachtaí cibearshlándála idirghníomhaireachta i gcomhar le Líonra Gníomhaireachtaí CGB (JHAAN);

6. á chur in iúl gur geal léi gur chuir eu-LISA tús le hullmhúcháin chun ceannas a ghlacadh ar bhainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX (Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne) agus gur chuir sé tús freisin le hullmhúcháin chun ardán comhair na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (CP JITanna) a dhearadh agus a fhorbairt chun malartú slán leictreonach faisnéise le haghaidh imscrúduithe coiriúla trasteorann a sholáthar; ag cur sonrú san athbhreithniú ar na rialacha maidir le coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú a bhaineann le hionadaithe an bhoird bainistíochta agus na ngrúpaí comhairleacha.

Cuid V –Uurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Eorpach um an gCósta Teorann don bhliain airgeadais 2023

1. ag tabhairt dá haire an mhéadaithe shuntasaigh ar fhilleadh, agus a sprioc 20 000 sáraithe ag Frontex trí chúnamh a thabhairt do 39 239 bhfilleadh san iomlán, lena n-áirítear méadú suntasach 87 % ar fhilleadh deonach agus méadú 20 % ar fhlleadh éigeantach i gcomparáid le 2022; á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht fheabhsaithe a cuireadh ar fáil do na Ballstáit i gcúnamh iarfhillte agus iartheachta, agus a sprioc 5 000 cás sa Chóras Comhpháirteach Athimeasctha sáraithe ag Frontex, agus 6 438 gcás bainistithe go rathúil aige in 2023;

2. ag tabhairt dá haire go raibh an comhar le tríú tíortha á leathnú de réir a chéile ar feadh 2023, agus gníomhaíochtaí éagsúla á ndéanamh amhail cuairteanna taithíochta, misin aitheantais, agus ceardlanna, arb ionann iad san iomlán agus 36 thionscnamh agus é mar aidhm leo an comhar a neartú;

3. ag cur béim ar ról lárnach Frontex agus ar an bpríomhchúram atá air maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint; ag aithint an ról ríthábhachtach Frontex freisin i dtaobh oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (SAR), agus sócmhainní muirí agus aeir imscartha in oibríochtaí comhpháirteacha mar fhreagairt ar 785 theagmhas a bhain le 43 508 imirceach, agus béim á leagan ar rannchuidiú ríthábhachtach Frontex le hiarrachtaí daonnúla; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann Statista in 2023 go bhfuair 3105 imirceach bás agus iad ag trasnú na Meánmhara; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhaoine a chosc;

4. á thabhairt chun suntais go bhfuil dul chun cinn dearfach déanta maidir le spriocanna um Chearta Bunúsacha a chur chun feidhme, lena n-áirítear cur i gcrích leanúnach an Phlean Gníomhaíochta um Chearta Bunúsacha agus an mheastóireacht neamhspleách ar chomhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gCreat um Chearta Bunúsacha, i gcomhréir le Rialachán EBCG; á chur in iúl gur geal léi an obair leantach réamhghníomhach a rinne Frontex maidir le gearáin a bhaineann le cearta bunúsacha, ar diúltaíodh don tromlach acu as bheith neamh-inghlactha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an dlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar líomhaintí go bhfuil sáruithe á ndéanamh ar chearta bunúsacha, i gcomhréir le sásraí náisiúnta um chearta bunúsacha; á chur i bhfáth nach mór d'oifigigh Frontex rannpháirtíocht in aon ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cearta bunúsacha a shárú go díreach nó go hindíreach a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi tiomantas treisithe Frontex don trédhearcacht agus don chuntasacht; á chur i bhfáth go bhfuil gá le faisnéis iar-oibríochta atá níos mionsonraithe;

5. ag tacú le hiarrachtaí leanúnacha Frontex a Oifigeach um Chearta Bunúsacha (FRO) a neartú, agus á thabhairt dá haire gur fostaíodh 46 Mhonatóir ar Chearta Bunúsacha (FRM) in 2023; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-earcófar na FRManna uile i ngrád AD, chun a n-acmhainneacht agus a neamhspleáchas a fheabhsú tuilleadh; á aithint go bhfuil bearta suntasacha déanta ag Frontex chun freagairt do thuairimí an FRO, go háirithe maidir le saincheisteanna amhail príomhshruthú inscne agus gáinneáil ar dhaoine;

6. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici é, gur baineadh amach formhór na spriocanna maidir le Cearta Bunúsacha in 2023, rud a rannchuidigh le cur chuige níos láidre agus bunaithe níos mó ar chearta maidir le hoibríochtaí Frontex; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin freagraí oifigiúla ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex, an easpa gníomhaíochta nithiúla maidir le cuid de na tuairimí a d'eisigh an tOifigeach um Chearta Bunúsacha agus á iarraidh, dá bhrí sin, go ndíreofaí i gcónaí ar ghníomhaíochtaí nithiúla den sórt sin a chur chun feidhme bunaithe ar mholtaí an Oifigigh um Chearta Bunúsacha agus go ndéanfaí creat Frontex um chearta an duine a neartú tuilleadh;

7. ag aithint go bhfuarthas 217 dtuairisc ar theagmhas lenar bhain sáruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha, gur tíolacadh 104 thuarascáil ar theagmhais thromchúiseacha in 2023, a raibh baint ag 48 gcinn díobh le cearta bunúsacha, go bhfuarthas 67 ngearán trí Shásra Gearán Frontex, gur seoladh 55 imscrúdú teagmhais thromchúisigh in 2023, agus gur dúnadh 39 dteagmhas thromchúiseacha, agus gur dócha go ndearnadh sáruithe ar chearta bunúsacha i mbeagnach 50 % de na cásanna a dúnadh; á aithint go leagtar béim freisin sna himscrúduithe a rinneadh ar thiomantas Frontex don trédhearcacht, don chuntasacht agus don fheabhsú leanúnach;

8. á iarraidh ar Frontex, gan a thuilleadh moille, cur chun feidhme iomlán na moltaí uile ó chomhlachtaí Eorpacha iniúchóireachta agus grinnscrúdaithe a áirithiú, go háirithe na moltaí sin ó Mheitheal um Ghrinnscrúdú Frontex Pharlaimint na hEorpa, ón Ombudsman Eorpach, ón gCúirt, agus ó Mheitheal Frontex um Chearta Bunúsacha agus Gnéithe Oibríochtúla Dlíthiúla d'Oibríochtaí (WG FRaLO);

9. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil aird á tarraingt ag an gCúirt ó 2018 i leith ar ardleibhéal tabhairt anonn agus cealuithe ag Frontex agus gurb ann fós don fhadhb sin in 2023; ag tabhairt dá haire thairis sin gur deacair le Frontex go fóill a áitíocht riachtanach a bhaint amach mar a leagtar síos ina phlean bunaíochta foirne agus go dtéann an

fhadhb sin siar go dtí 2018 ar a laghad; ag tarraingt aird ar an imní leanúnach atá ar an gCúirt maidir le heaspa rialacha i dtaca le coinbhleachtaí leasa dearbhaithe i ndáil le nósanna imeachta earcaíochta in Frontex;

10. ag tabhairt dá haire go leagtar béim ar ábhar do na cuntais bhliantúla arna n-eisiúint ag an gCúirt maidir le ríomh na ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen (SAC), a ardaíodh in 2022; ag cur sonrú sa fhreagra ó Frontex go leanann na ríomhanna sin cleachtais sheanbhunaithe arna bhformhuiniú ag an mBord Bainistíochta agus ag an gCoimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe sin chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú maidir leis an modh chun ranníocaíochtaí a shocrú don Aontas agus dá ghníomhaireachtaí;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise ghéarchéim dhúshlánach na himirce, go háirithe tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, agus tar éis na n-oibríochtaí hibrideacha ag an Rúis agus ag an mBealarúis, obair leantach a dhéanamh ar an ráiteas a thug Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen i mí Iúil 2024 inar dhearbhaigh sí go bhfuil Frontex i riocht maith lena fhoireann a mhéadú tuilleadh go dtí suas le 30 000 gníomhaire; á chur i bhfios go láidir go gcuirfeadh an leathnú sin go mór le cumas Frontex aghaidh a thabhairt ar shreabha imirce agus iad a bhainistiú agus slándáil agus urraim do chearta a áirithiú ag teorainneacha seachtracha an Aontais, rud a threiseodh an ról ríthábhachtach atá aige maidir le straitéis imirce an Aontais i gcoitinne. á iarraidh ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun acmhainní a chur ar fáil do Frontex a bheidh leordhóthanach don staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus chun smuigleáil a chomhrac.

Cuid VI – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2023

1. á aithint gur chuir CEPOL dlús lena iarrachtaí punann chuimsitheach oiliúna a chur ar fáil maidir le gach réimse den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT); ag tabhairt dá haire gurbh iad an Choireacht Thromchúiseach agus Eagraithe agus an Chibearchoireacht na hábhair ba choitianta ar fhreastail beagnach 62 % de líon iomlán na rannpháirtithe orthu in 2023; á thabhairt chun suntais, agus iniúchadh á dhéanamh ar íocaíochtaí faoi chreatchonradh le haghaidh seirbhísí eagraithe taistil agus imeachtaí, gur thug an Chúirt faoi deara go ndearna CEPOL faireachán ar thomhaltas conartha ar leibhéal na n-íocaíochtaí seachas ar ghealltanais bhuiséadacha; ag aontú leis an gCúirt nach gcomhlíonann an cur chuige sin Airteagal 111 de Rialachán Airgeadais an Aontais;

2. á chur in iúl gur geal léi gur fhoilsigh CEPOL an t-athbhreithniú meántéarma ar Mheasúnú ar Riachtanais Oiliúna Straitéisí an Aontais 2022-2025, ina sainaithnítear riachtanais oiliúna straitéiseacha agus ar leibhéal an Aontais atá tar éis teacht chun cinn d'oifigigh forfheidhmithe dlí;

3. á chur in iúl gur geal léi gur lean CEPOL de phunann cibearoiliúna a chur ar fáil trína Acadamh Cibearchoireachta CEPOL; á chur in iúl gur geal léi gur chuir na gníomhaíochtaí oiliúna tiomnaithe feabhas ar eolas cibearchoireachta agus ar chibearacmhainneachtaí san Eoraip i réimsí an chomhraic i gcoinne teacht i dtír gnéasach ar leanaí, scéimeanna calaoise ar líne agus cibirionsaithe agus gur fhorbair CEPOL a chéad cheardlann thiomnaithe riamh maidir leis an intleacht shaorga;

4. á chur in iúl gur oth léi gur tháinig laghdú ar na gníomhaíochtaí oiliúna i réimse na gceart bunúsach agus na cosanta sonraí in 2023 (nuair a cuireadh 19 ngníomhaíocht chun feidhme le 2063 rannpháirtí) i gcomparáid le 2022 (30 gníomhaíocht le 4 014 rannpháirtí); á chur i bhfios go láidir gurb é príomhchuspóir CEPOL tacú le hoiliúint d'oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí agus an oiliúint sin a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú, agus béim ar leith á leagan ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a chosaint i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí; á admháil ag an am céanna gur mhéadaigh líon iomlán na rannpháirtithe go 46 431; a iarraidh ar CEPOL trédhearcacht a mhéadú maidir le cur chun feidhme na riachtanas oiliúna sin a phleanáil agus faireachán a dhéanamh air, go háirithe i gcomhthéacs dúshláin nua, amhail ról méadaitheach na teicneolaíochta i bhforfheidhmiú an dlí.

Cuid VII – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2023

1. ag tabhairt dá haire gur tháinig an Rialachán nua ó Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA)[8] i bhfeidhm an 1 Iúil 2023, lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Rialachán maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA)[9], agus á chur in iúl gur geal léi an sainordú nua níos leithne do EUDA; á mheabhrú go bhfuil sé d'aidhm ag Rialachán EUDA aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí i gcur chuige iomlánaíoch agus fianaise-bhunaithe agus á iarraidh ar an ngníomhaireacht a áirithiú go gcuirfear a sainordú nua chun feidhme go hiomlán; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar bhuiséad EMCDDA in 2023 ó EUR 26 mhilliún go EUR 29 milliún (+ +13 %) agus laghdú ar a fhoireann ó 110 go 101 (+ -1 %);

2. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú EMCDDA le EMPACT agus le pleananna gníomhaíochta oibríochtúla (OAPanna) thimthriall beartais an Aontais maidir leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach; á chur in iúl gur mór aici an méid a chuir EMCDDA le Treochlár nua an Aontais chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí agus i gcoinne líonraí coiriúla;[10]

3. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag EMCDDA chun Córas Luathrabhaidh AE (EWS) a chur chun feidhme i gcomhar le comhpháirtithe sna Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur tugadh fógra faoi 26 shubstaint shícighníomhacha nua (NPS) agus gur thart ar 950 líon iomlán na substaintí sícighníomhacha nua a ndéantar faireachán orthu faoi láthair; á chur in iúl gur mór aici na tuarascálacha teicniúla a d'fhoilsigh an ghníomhaireacht;

4. á aithint gur tháirg EMCDDA 30 foilseachán eolaíoch agus institiúideach in 2023, agus gur scríobh sé 14 alt eolaíocha agus caibidil leabhar nó go raibh sé ina chomhúdar orthu, agus á chur in iúl gur mór aici an saineolas eolaíoch agus fianaisebhunaithe a chuir an

[8] Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 (IO L 2023/1322, 30.6.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/1322/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2023%3A1322%3Aoj&locale=ga#).

[9] Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L, 1920/2006, 27.12.2006, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2006/1920/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2006%3A1920%3Aoj&locale=ga).

[10] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_4981

ghníomhaireacht ar fáil;

5. á chur in iúl gur geal léi seoladh na chéad tuarascála digití, modúlaí, maidir le Drugaí san Eoraip 2023, agus seoladh na modúl maidir le hamfataimín agus cannabas i dtuarascáil chomhpháirteach EMCDDA-Europol maidir le Margaí Drugaí an Aontais: Mionanailís;

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ndearna EMCDDA tacaíocht agus faisnéis luachmhar maidir le beartais drugaí a chur ar fáil go rialta do lucht ceaptha beartas náisiúnta agus gur chomhordaigh sé athbhreithnithe ullmhúcháin eolaíocha ar chleachtais maidir le díobháil, cóireáil agus laghdú díobhála a bhaineann le drugaí; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den obair bhunriachtanach sin chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus á iarraidh go neartófaí na gníomhaíochtaí sin tuilleadh trí chomhar níos dlúithe leis na Ballstáit a chothú agus trína áirithiú go scaipfear na torthaí go cuí ar phobal níos leithne, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte agus an pobal i gcoitinne;

7. á thabhairt chun suntais gur chuir EMCDDA oiliúint ar níos mó ná 3 300 gairmí atá ag obair i réimse na ndrugaí, lena n-áirítear oibrithe sláinte, oifigigh forfheidhmithe dlí agus lucht ceaptha beartas laistigh den Aontas agus lasmuigh de agus gur fhreastail thart ar 4 800 gairmí ar na hocht seimineár gréasáin a d'eagraigh EMCDDA; á chur in iúl gur geal léi an comhar le Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

Cuid VIII – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2023

1. á chur in iúl gur cúis bhuartha di bharúil na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a bhaineann le deontas oibríochtúil chun gníomhaíochtaí fórsa póilíneachta náisiúnta i mBallstát a chistiú; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go raibh cuid den deontas neamhrialta, arbh ionann a méid agus EUR 279 milliún; á chur i bhfios go láidir, arna iarraidh sin don Chúirt, gur shainaithin Europol deontais eile trína ndearnadh CBL a aisíoc as gníomhaíochtaí comhchosúla in 2023 agus go ndearnadh íocaíochtaí neamhrialta dá bharr sin; ag cur sonrú sa fhreagra ó Europol nach measfaidh Europol CBL a thuilleadh mar chostas incháilithe do dheontais oibríochtúla, agus, ar an gcaoi sin, go n-áiritheoidh sé go mbeidh Rialachán Airgeadais 2018/1046 á chomhlíonadh aige;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur ghlac Europol le 107 856 rannchuidiú oibríochtúil in 2023, gur thacaigh sé le 3 155 oibríocht, gur bhunaigh sé 27 dTascfhórsa Oibríochtúla, gur chuir sé 21 096 fhreagairt SIENA céad líne i gcrích, agus gur chuir sé cumais mhéadaithe faisnéise oibríochtúla ar fáil d'údaráis náisiúnta, do na Ballstáit agus do thríú páirtithe;

3. ag moladh imscaradh rathúil PERCI (Ardán AE maidir le hÁbhar Neamhdhleathach ar Líne), go háirithe le cur chun feidhme iomlán mholtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS); á chur in iúl gur mór aici an comhar láidir le MECS agus leis an meitheal chomhpháirteach a bunaíodh le Frontex chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí MECS i ndáil le clár PeDRA Frontex (Sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh anailís riosca) ina bhfuil sé go mór chun leasa an dá ghníomhaireacht cearta bunúsacha a chosaint agus slándáil á cur chun cinn ag an am céanna;

4. á iarraidh go mbeadh comhar idir Europol agus Gníomhaireachtaí CGB eile go hiomlán trédhearcach agus go n-áiritheofaí cuntasacht i gcomhréir le rialacha AE maidir le trédhearcacht chomh maith le cearta bunúsacha agus caighdeáin cosanta sonraí;

5. á chur in iúl gur geal léi cur chun feidhme Rialachán Europol[11] arna leasú in 2022, go háirithe ceapadh tapa FRO i mí Eanáir 2023, ar céim shuntasach é i dtreo feabhas a chur ar thiomantas Europol do chearta an duine ina chuid oibríochtaí;

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil méadú ar earcú leanaí agus daoine óga sa choireacht eagraithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá straitéis shoiléir agus chuimsitheach chun an feiniméan sin a chosc agus a chomhrac;

7. á chur in iúl gur mór aici tacaíocht leanúnach agus luachmhar Europol don Úcráin, go háirithe trína rannpháirtíocht san Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú atá dírithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a líomhnaítear a rinneadh san Úcráin a imscrúdú; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur cruthaíodh Tascfhórsa Oibríochtúil (OTF) arb é is aidhm dó tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil d'imscrúduithe leanúnacha ar choireanna cogaidh, lena léirítear ról ríthábhachtach Europol sa cheartas agus sa chuntasacht idirnáisiúnta;

8. ag aithint, thairis sin, iarrachtaí an Choimisiúin i dtreo Eoraip níos láidre agus níos sláine, mar ar leag an tUachtarán Ursula von der Leyen amach iad sa ráiteas uaithi in 2024; á iarraidh ar an gCoimisiún foireann Europol a mhéadú faoi dó agus aitheantas a thabhairt don ról lárnach atá ag Europol maidir le slándáil a áirithiú ar fud an Aontais agus maidir lena chumas freagairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir freisin go gcuirfidh an leathnú sin tuilleadh le cumas Europol tacú leis na Ballstáit an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, ar líne agus as líne araon, rud a chuirfidh le hEoraip níos sábháilte agus níos sláine do chách.

[11] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L, 2016/794, 24.5.2016, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2016%3A794%3Aoj&locale=ga#).

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex')

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	6.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 37 –: 13 0: 9
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Branko Grims, Evin Incir, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, András László, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Michael McNamara, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Georgiana Teodorescu, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Fredis Beleris, David Casa, Sigrid Friis, Markéta Gregorová, Hannah Neumann, Gaetano Pedulla', Oliver Schenk, Alexander Sell, Bartłomiej Sienkiewicz, Malika Sorel, António Tânger Corrêa, Marco Tarquinio, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Petar Volgin, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Lucia Yar
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Bart Groothuis, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Sérgio Humberto, Evelyn Regner, Carla Tavares, Ingeborg Ter Laak

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

37	+
ECR	Georgiana Teodorescu
PPE	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Lena Düpont, Branko Grims, Sérgio Humberto, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Ingeborg Ter Laak, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Tomáš Zdechovský
Renew	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Sigrid Friis, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Bart Groothuis, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Sophie Wilmès, Lucia Yar
S&D	Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Evelyn Regner, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Marco Tarquinio, Carla Tavares, Alessandro Zan
The Left	Giuseppe Antoci, Gaetano Pedulla'

13	-
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík, Petar Volgin
NI	Erik Kaliňák
PPE	Javier Zarzalejos
PfE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, András László, Malika Sorel, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche

9	0
ECR	Charlie Weimers
The Left	Rima Hassan, Anja Hazekamp
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Pär Holmgren, Erik Marquardt, Hannah Neumann

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh